22/11/'37

Máire P. Ní Cróinín   Samain 22 adh 1937.

# Scéal.

## Séan ag lorg na n-amadáin.

Uair aṁáin ḃí fear agus bean na g-cóṁnaiḋe in aice Maċromṫa. Seán dob ainm don ṁnaoi. Leaṫ amaḋán do ḃeaḋ Peig, agus ḃí Seán corṫa ó ḃeiṫ ag éisteaċt le na cuid cainnte ón-siúbleaċt.

Oiḋċe aṁáin sar a ḋáinig Seán abaile ḋeirig stoirm uaiḃásaċ, ṫáinig eagla ar Peig agus ṫosnuig sí ag gol.

Le na linn sin ṫáinig Seán isteaċ. "Cad tá ort" arsa Seán le Peig. "Ó arsa Peig an stoirm sin, b'éidir go leagfeaḋ sé an

© Roinn Bhéaloideas Éireann / Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

tiġ agus dá mbeaḋ leanḃ sa ċliabán do
marḃóċfaí é, agus caḋ a ḋeanfaimís annsan.
Bail! arsa Seán táir pósta fiċe ḃliain
anois. Ḃís daċaḋ ḃliain nuair a ċuireas
an fáinne ar do ṁéar agus sin an lá
do ḋeineas an dearmad, agus anois
nílim cun fanaṁaint leat a ṫuilleaḋ.
Imṫeóċaḋ ar maidin amáireaċ
agus muna bfaġaḋ triúr níos míċéillíḋe ná
tusa ní ṫiocfaḋ tarnais ċuġat a
ṫuilleaḋ. Do ḃuail sé an bóṫar go moċ
ar maidin agus ḃí sé ag siubal leis
go dtí gur ḃuail fear óg uime, agus
é iḋiarraiḋ capall a ċur anáirde ar tiġ

© Roinn Bhéaloideas Éireann / Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

3

cínn tuíġe cun go níosfaḋ sé an féar glas a ḃí ag fás anáirde air.

"Caḋ tá á ḋéanamh agat" arsa Seán leis an fear.

Teastuíġeann uaim an capall san a ċur anáirde ar an dtig seo cun féir a ṫiṫe arsan fear.

"Caḋ a ṫabarfá domsa má ċuirim feaċaint air é ḋiṫe arsa Seán.

Ṫabarfainn an capall duit arsan fear óg. Ċuaiḋ Seán anáirde ar an dtig agus ṫug sé anuas an féar glas agus ḋiṫ an ċapall é. "Anois" arsa

© Roinn Bhéaloideas Éireann / Department of Irish Folklore An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath 4 Éire / Ireland.

Seán "is liomsa an ċapall."

Ḃuail sé an bóṫar agus é ag tabairt an capall leis.

Dimṫig sé air agus níor ḃfada gur ḃuail bean uime, do ḃí coinneal ar lasaḋ aice agus í ag cuardaċ rud éigin. "Cad tá uait a bean cóir" arsa Seán.

Táim ag lorg cúpla muisriún ar sí. Tuigim go ḃfuil mórán mórṫimċeall na h-áite seo.

Ḃuail sé an bóṫar arís ar feaḋ tamall eile. Ḃí an oiḋċe ag teaċt. Ċuaiḋ sé isteaċ i dtigín a

© Roinn Bhéaloideas Éireann / Department of Irish Folklore An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath 4 Éire / Ireland.

© Roinn Bhéaloideas Éireann /
Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

bí ar ṫaoib an bóṫair.

Bí bean eile annsan a diarraid teine d'deadú. "D'feaċ sí mórtimceall uirri agus nuair a ċonnaic sí Seán bain sé geit aisti. "Cad as gur ṫainigsé ar sise. "Ón an saogal eile arsa Seán, agus a' bfeiceann tú Pádraig ann ar sí.? Cim go deimin arsa Seán. A mbíonn dúil san mbraonín fuisge aige i gcómnaíde ar sí.? "O bíonn arsa Seán, agus conus a beir i dul ṫar-nais ar sí? "bead ag dul amáireaċ.

Tug sí do Seán buideal fuisge, píosa feóla agus córa bréide cun iad do

breiṫ cun Ṗádraig.

Ċuaiḋ sé abaile go sásta leis féin mar go bfuair sé triúr ní ba mí céille na ~~Peig~~ Peig. ✓

© Roinn Bhéaloideas Éireann /
Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

7

20. 12. 37

Máire P. Ní Ċróinín Mí Na Nodlag 20 adh 1937.

## Scéal

Toibreaċa Naoṁṫa.

Is beag áit nar ċaiṫ na naoiṁ tamall dá ~~sagail~~ ṡaoġail ná gur ḟágadar córṫa éigin na n-diaiḋ gur ṁaireadar ann.

I

Tá tobar naoṁ Gobnatan i mbaile-Ṁúirne.

Tobar mór doiṁin iseaḋ é.

Ċrear breac uireannta ag a bun. Do ċóṁnuiġ Sasannaċ 'na aice uair agus ḃí meiḋeal cun beiṫ aige lá ag bainṫ

© Roinn Bhéaloideas Éireann
Department of Irish Folklore

prátaí. Do ġlaoḋaiġ sé go moċ ar an gcailín aimsire cun prátaí a ḃruiṫ dóiḃ i gcóir bricfeasta. Ċuaiḋ sí go dtí an tobar cun uisge d'fáġail. Ċuir sí ag bruiṫ na bprátaí é nuair d'féaċ sí ar na prátaí 'nar dóiġ léi go rabadar bruiġte. Is amlaiḋ bí breac istiġ sa corcán agus an t-uisge cóm fuar agus a bí sé nuair a ṫug sí ón dtobar é.

Bí fios aici go raiḃ ruḋ éigin bun os cionn san uisge agus cuir sí an breac tarnais sa tobar aris.

II

Tá ceann eile in aice Ṁaċromta i náit

An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire Ireland.

ar a ġlaoḋtar Doire-Ruaḋ.
An tobar Dearg a ġlaoḋtar air. Tugtar turus ann gaċ bliain Aoine an Ceasta agus Domnaċ Cásga.

Do buail Saiġdiúir an tslíġe lá agus do ṡaluiġ sé an tobar beannuiġṫe.
Do ~~ta~~ ċíormuiġ an tobar agus d'éiriġ sé amaċ in áit eile in aice leis.

III

Tá ceann eile i Muisire-Mór. Tá sé i m-bárr cnuic agus tuiteann uisge ar gaċ taob de.

Téiġeann daoine ann ag tabairt turuis lá Ṡíon Seán.

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire : Ireland

Ceardcú

traig, ndiaid,

traig, n-diaid,

traig, n·diaid,

An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

Máire P. Ní Ċróinín Canaia 18 [illegible] 1938.

Scéal

Sean duine a ṫeastuiġ speaclaí uaid agus ṫug cleasaíḋe cinn do gan aon gloine ionnta.

Cionnus a oireaṁnuiġeann na speaclaí san leat arsan cleasaíḋe "Dar fo Dia aċt do ċíḋfinn fraig i dtóin dearnaide leó" arsan sean duine boċt.

38

Máire P. Ní Crónín Eanair 24 24adh 1938

## Amarán

Do ḃí Seán Clárać ag gabáil an ḃóṫar maidin in aice Sráid an Ṁuilinn.

Do ċonnaic sé garsún anáirde ar ċrann uball.

"Maidin glas a garsún" arsa Seán. "Tá sí fuar arsan garsún pé dat atá uirti," "Bfuil na h-úbla géar a garsún," "Gearraim-sé iad agus ní gearrfaid siad me," "Cé leis tu."

le Eógan Ruad Dall ó

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

Súileabáin iseaḋ mé.

"An fada atá sé dall," Siar ó cúl a ċinn," "An ólfá dram." Níor ḃfeárr liom an ċearc á ḃreiṫ,"

Do ċuadadar isteaċ go dtí an tead tig tábairne a ḃuail leó.

Do ḃí cailín deas istig ann. Do ḃí fios ag Seán Cláraċ go raiḃ filiḋeaċt ag an ngarsún, agus d'iarr sé air ḃearsa.

Téigeann an uraim don críonaċt. Tosnuig féin ar dtús arsan garsún.

I

... Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

Sean:- Cois abainn teann tá.
An cailce cam breáġ cneasta móḋail
gráċ pérleaċ.
Leamainn sciobta báin go fada fann
tsláit.
Tslataċ teann tsláit neimail.
Seanga cam breáġ mar sneaċta ar
monnt árd.
Tabair do rama scáil déise.
Sé mo ġreadaḋ lom báis nár leagaḋ
mé in am tráċ
le taitneam do raba
mnáib Éireann.

II

Máire Ní Ċróinín Feabra 7adh 1938.

## Scéal

Ḃí tiġ Ṡeáin agus Eiblín i lár caṫraċ móire. Cúpla sráid uaṫa ḃí páirc ~~páirc~~ agus do ṫéiġeaḋ an ḃeirt páistí ag imirt innti go minic.

Ċuaḋadar ann lá amáin agus Ṗáidín óg le na gcois. Dubairt a máṫair leó aire ṁaiṫ a ṫabairt do Ṗáidíŋ. Ṫugaḋar arán agus im leó ar eagla go mbeaḋ ocras orṫa.

Ḃí loċ mór i lár na páirce agus ḃí eala ag snáṁ ar an loċ.

Do ḃris na páistí blúire den

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

arán agus ċaiteadar isteaċ san uisce é.

Do ṡnáṁ an eala i na ḋiaiḋ agus d'alp sí é. Ḃí sean-ḟear i na ṡuiḋe ar suiḋeaċán ar imeall an loċa. An bḟeaca siḃ eala duḃ riaṁ? arsan sean-ḟear leis na páistí. Tosnuiġ Seán agus Eiblín ag gáiriḋe. "Ní ag magaḋ atáim" arsan sean-ḟear. Is minic a ċonnac féin ealaí duḃa.

"Cá bḟeacais iad?" arsan Seán.

"San Austráil" arsan sean-ḟear. "Ḃíos ann agus mé am ḟear óg.

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

arán agus ċaiṫeadar isteaċ san
uisce é.

Do ṡnáṁ an eala i na ḋiaiḋ agus ḋalp sí é. Ḃí sean-ḟear i na ṡuíḋe ar súiḋeaċán ar imeall an loċa. An ḃfeaca sib eala duḃ riaṁ? arsan sean-ḟear leis na páistí. Tosnuig Seán agus Eiblín ag gáiriḋe. "Ní ag magaḋ atáim arsan sean-ḟear. Is minic a ċonnac féin ealaí ḋuba.

"Cá ḃfeacais iad?" arsan Seán.
"San Austráil arsan sean-ḟear. "Ḃíos ann agus mé am fear óg.

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

Daṫ bán a bíonn ar an eala i n-Éirinn, aċt bíonn ealaí dúba san Austráil.

Ḃí Seán agus Eiblín ag éisteaċt go cruinn leis an sean-ḟear. Do dearmadar aire a ṫabairt do Ṗáidín. Ḃí seisean ag síneaḋ a láime ✓ ag do iarraiḋ breiṫ ar an eala.

Do ṡleamnuig sé isteaċ sa loċ. Do leig sé béic as. Ní raiḃ an t-uisge ró ḋoiṁin ag ciúmhais an loċa agus do ṫarraing Seán amaċ é. Níor fluċaḋ aċt a ḃróga agus a stocaí agus b'éigin iad san a ḃaint de. Lá brotallaċ doḃeaḋ é.

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

15

D'fáisg Eiblín an t-uisge as na stocaí agus do leaṫ sí ar súiseacán iad cun iad do ṫiormú.

Do leaṫ Páiḋín ar ġol acṫ do ċeannuiġ an sean-ḟear uaċtar reoiḋte don triúr aca agus ba ġearr go raib Páiḋín ag gáiriḋe arís.

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

28 2 28

20 Máire Ní Ċróinín Feabra 28adh 1938.

Sgéal

Nuair a ḋein Dia moladh go raiḃ leis
an doṁan ar dtúis do ḋein sé na h-éin
agus bíodar ann mar atáid anois.

An ċéad bliain a bíodar ann
ní raiḃ fios ag aoinne aca cionnus
nead a ḋéanaṁ.

Táinig truag ag Dia dóiḃ agus ċuir
sé aingeal anuas ar an dtalaṁ ċun
iad do ṁúineadh. Do táinig an t-aingeal
agus glaoiḋ sé ċuige na h-éin ċun iad
do ċeagasg.

Do bailiġeadar go léir na ḋtimċeal

21

agus do ṫosnuiġ sé.

Do ṫaisbáin sé dóiḃ ar dtús car ċeart dóiḃ an nead a ḋéanaṁ.

Annsan cionnus na cipíní a ḃeaḋ féin ruo do ḋaingniú.

Annsan cionus ba ċeart bunaḋas na nead do ḋéanaṁ orṫa san. Ḃí an colúr ar na h-éanaiḃ sin. D'iarr sé leis an aingeal. "Tuigim gaċ a bfuil múinte agat tá an ċeard go léir agam nó go h-áiriġṫe tá sí maiṫ mo ḋóṫain agam. Cad é mar ḋíoġḃáil má ~~deinimm~~ Ḋeinim dearmad anois agus arís" Ḋimiġ an colúr agus d'fág sé an

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

ċuid eile ag foġluim ón aingeal.
Ba ġeárr go dtáinig aimsir na nead do
ḋeanaṁ.

Do fuair an colúr crann árd
mar a ċómairliġ an t-aingeal dó.
Ní feadaḋ sé an nead a ḋeanaṁ sa
ċeart in aon ċor, aċt mar sin féin
ḋein sé sagas ~~ceo~~ cinn.
Annsan do rug an colúr dá ub.
Oiḋċe aiṫiḋe ṫáinig stoirm agus do
tuaisc an crann.

Do rinne na h-uibeaca agus do
caiṫeaḋ amaċ as an nid iad agus do
briseaḋ iad. Sin mar atá an scéal ~~ag~~

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

ag an gcolúr ó ṡion.
Is minic a ṫuiteann uḃ no geárrcaċ
amaċ as an nid agus caillṫear é.
Tá san aige de ḃárr nár
ḟogluim sé an ceaċt ón múinnteóir a
ċuir Dia cuige.

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

16. 3. 38

Máire P. Ní Ċróinín Márta 18adh 1938.

Sgéal.- An Tiġearna talman.

Bí Tiġearna talman na ċómnaiḋe i n-Goirtín-Cóin fadó. Nuair d'oireaḋ do dul go Maġċromtha nó teaċt as do caiṫfí an ċapall do ḃréáṫa a ḃeaḋ sa paróiste do ċur leis ~~leis~~ nó do ċur na ċoinniḃ.

Nuair a bí sé ag teaċt ó Maġċromtha do ċuir sé fios ar ċapall Ṡeáin Uí Luaisiġ ó Caṫair-na-Cárta cun dul ina ċoinniḃ. Caiṫeaḋ an giolla siúbal abaile mar ní leigeaḋ sé dóiḃ teaċt leis sa carráiste.

Nuair a táiniġ sé go Doire-na-

© Roinn Bhéaloideas Éireann
Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire Ireland.

leacan do rit ġaḋar amaċ as tiġ a ḃí
ar taoḃ an ḃóṫair. Do rug sé greim ar
ṡálaiḃ an ċapaill agus as go bráċ leis le
fánaiġ. Do tarraiġ sé ró ġarraḋ i g-casaḋ
i n-goirtín-na-Ċille agus diompuiġeaḋ é.
Do briseaḋ an dá leaṫ-luiġe agus do scoir an
capall é féin ó'n g-caráiste.
As son amaċ níor iarr sí
capall ar aon tinneóntúise.
Nuair a fuair sí bás do bí an áit mór-
tímċeall an tíġe cluṫaiṫe le dara-daol agus
iad go léir ag deanaṁ ar an dtiġ.
Law do bain do.

© Roinn Bhéaloideas Éireann / Department of Irish Folklore An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath 4 Éire / Ireland.

26

Máire R. Ní Cróinín Márta 28adh 1938.

Scéal:- Seáinín an Chlúm.

Bhí bean 'na cómhnaídhe i dtighín beag ar taobh a bhóthair aon uair amháin. Ní raibh ach aon mhac amháin aice Seáinín do bainm do agus dubhairt i bhí sí ana cheanamhail air.

Lá amháin d'fhág sí i mbun a tíghe é. bhí ana dhúil i n-feóil aige agus dubhairt sé leis féin go marbheóchadh sé an choileach no an bárdall ach teip air bhreith orra. Ach do chuimhnigh sé ar ghé a bhí ar ghor féin bhfaidhre agus do mharbh sé an ghé agus dhi sé í.

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

Nuair a ḃí an ġé ḃeirṫe aige do
ḟuair sé pilliúr agus d'oscail sé é
agus ċuir sé an clúm anáirde ar na
h-uíbe cun iad do ċoiméad te.
Tar éis tamaill d'ḟéaċ sé arís aċ bíodar
fuar amaċ.
Annsan dubairt sé leis féin go
suiġeaḋ sé féin ar na h-uíbe agus
do léim sé isteaċ sa nid. do bris sé
a iad go léir agus ċeangail an clúm
agus é féin le na ċéile.
Nuair ṫáinig a ṁaṫair abaile do
ġlaoḋ sí air. "Gog" gog arsa Seáinín
táim ar na h-uíbe.

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire Ireland.

Dubairt sí cad a ḃeaḋ dúil ḃeiṫ annsan
Ó do marbuiġeas an gé agus d'iteas é.
arsa Seáinín.
Aililiú pililiú creaċair me
" " deanġair
Ó naċ mairg go ḃfeaca tú.
Agus clúm go h-earball síos orr.
As san anuas tugtar Seáinín a' Ċlúim
air.

Críoċ

orria
orria

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

27 .4 .38

29 Máire 1: Ní Ċróinín Abrán 27adh 1938

# Amrán I

Maiḋean geal taiṫneaṁaċ drúċtṁar
is mé ag caisteal trí ċúmais
Gleanna Móir.
Is me ag maċtnaṁ go h-aiṫirseaċ
túirseaċ ar Galla-Smaċt d'ḟúig mé
fí ḃrón.
Níor ḃfada gur ḋearcas ag siúbal,
Níom an Ainnir do ḃ'ḟionn gile snó,
A camar-ḟolt camarsac búċalaċ
'Na sraṫaib léi ag ⁊ tuirling go feór.

II

Do stadas am stalca á infiúċaḋ

gan capa gan súil léi dul beó.
Aoca samad no samail dun os cionn
~~me~~ í, do ṫáinig cun fionnrair am
ṫreó.
Do ḟiosruiġeas cad a ṫriall annso cúġainn
í
I n-iarṫar iarġcúlaċ do ṡórd,
Nó an ṗéarlaiḋ don na triaṫa déin
cúnġcas.
A ċailín deas crúidte na mbó.

III

Do ḟreagair mé an Annia is
dubairt liom.
Bí fada is cúnġcas do ġeóbair.

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

3) Ní samad ná samail bun os cionn mé
Cun masla do ṫabairt duit gan cóir.
Mise bannba ṫaiḃiġ beiṫ ~~be~~ súġaċmar,
fé gradam ag trúpaib na slóġ.
Aċ d'fáġ gramaisġ mallóġṫe Liútair
mé deallam gan catúġiaċ mo ḃó. ✓

32 Máire P. Ní Cróinín Bealtaine 30adh 193

## Scéal

Ḃí Ríoġ ann fadó agus ní raiḃ aċt aon n-inġean aṁáin aige.
Nuair a ṫáinig sí in aois pósaḋ ní ṡásóċfaḋ aon ḟear í.
D'áiriġ buaċaill é a ~~ṫáinig~~ s) ḃí in na ċóṁnaiḋe ṫiar i m-Buiḋe Béara agus i dubairt sé go mbuailfeaḋ sé féin fé na ḋéin.
Do ċeannuiġ sé culaiṫ nua éadaiġ agus leaṫ-dosaon n-ainsiúirí síoda.
Ċuaiḋ sé fé na ḋéin annsan agus ḃí sé ag~~us~~ siúbal síos suas an bóṫar leasmuiġ den tiġ. Ḃí an cailín leastiġ den

ḟuinneóig ag feaċaint air.
Tarraiġíoċaḋ sé amaċ ceann dos na n-ainmiúirí síoda anois agus arís agus cimileóċaḋ sé dá ṡróin é. Annsan caiṫfeaḋ sé tar a ġualainn é. Ċeap an ċailín in a h-aigne féin go ndéanfaḋ sé sin an gnó mar go raiḃ sé ana ṡaiḋḃir gan amras.

Nuair a ṫáinig sé isteaċ ar long na n-ingine dubairt sí go bpósaḋ sí é. Ḃí pósaḋ mór acu ar feaḋ seaċtmaine agus do tóg sé leis abaile í. Ṡíl sí gan dabṫ go raiḃ cúirt mór roimpe agus na monaḋ san ní raiḃ ann ac

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

34 boṫáinín ag bun carraige. Nuair diarraiḋ
a n-aṫair dá n-inġean i dtosaċ cad as
go dtáiniġ sé.
Dubairt sé gur mac do tiagarna éigin é.
Ón m-baile-breac. I gcionn tréimse do
ċuir sé duine dá ḟearaiḃ go dtí an mbaile
breac ċun cúntais a ṫabairt ṫarnais
do, cionnus a ḃí ag rui leó.
Nuair a ṫáiniġ sé go dtí an áit, is
amlaiḋ a ḃí scata mór gaḃar leaṫais
an tíġe.
Ċuaiḋ sé isteaċ sa tiġín agus do
ḃíodar ag ite prátaí as sceoilig a ḃí ar
ġlúnaiḃ an t-Sean-duine. Daipín sí an

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

teaċtaire agus dubairt sí leis gan innsint
dá n-aṫair cionus a bíodar, ná raiḃ
a ṁalairt tuilleaḋ aici.
Ḃuail sé abaile annsan agus dubairt
sé leis an Ríoġ gan dul ann
caoiriċe mar go raiḃ áit tar-bárr
fágalta aige.
Nuair a ċuaḋas i n-gar don
tíġe ar sé is amlaiḋ bí gárda móra
saiġdiúirí agus dá gunna ag gaċ
duine aca mór-timċeall air, agus
nuair a ċuaḋas isteaċ bíoḋar ag
caiṫeaṁ a n-dinnéir agus ní ceannóċaḋ
an méid óir atá agaca na cosa a

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

bí fé'n mbórd acu. Níor ċuaiḋ an Ríoġ riaṁ ag fiosruġaḋ a n-Inġine.

## Sean-ḟocal

Is mór táiḋḃseaċ iad adarca na mbó tar-lear.

## Ceartú

ceannóċaiḋ, sí, daoin, t-Seán-duine,
ceannóċaiḋ, sí, daoin, t-Seán-duine.

© Roinn Bhéaloideas Éireann / Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

37 Máire P. Ní Ċróinín. Iúil 12adh ~~Feabhra~~ 1939.



Amhrán

Ar maidin indé 's g-céin cois leasa dom,
Is mé ag deanamh maċtnamh ar an saoġal
mboċt.
Do dearcasa lem ṫaoḃ an spéir-ḃean maiseamhail
Ba bacallaċ é cúilín go ḃfuil mín daiṫte-
tuiġ.
Is ba beannamhaċ é súilín ní úr grín
geanamhail.
Mar chúis na seamaire is ba néata é
croḃ.

II

Ar amharca na ḃéiṫe do claon cláḃ

© Roinn Bhéaloideas Éireann / Department of Irish Folklore An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath 4 Éire / Ireland.

maiġne.

Cé is gur spasa liom a scéal gan dos.

Ach an eagla nár daon bean saoġalta do

ṫáinig

gur baoġal dom a saineamhlus da dtéiġinn

ċar a toil.

An tí pálas nó an tí héilin.

Do léig na meanmanaċa an t-úbal go léir

is é fáġail in na crob.

Nó Dianna do héid ar aicréan inis an

acrann

Fé géagaib darcoile féis mar poc.

Ḋubairt an file.

© Roinn Bhéaloideas Éireann
Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

Mo ṫruaiġ na trí baile bána.
Corcaiġ, Luimneaċ, agus Cionn-t-Sáile.

---

Ceiṫre ~~n~~iṫe gan aon ṁaiṫeas ionnta.
Lán luinge gráḋ, lán mála do ġaḃ tar guailinn
nó ag seinm dánta do ḋaoiniḃ buartaiṫa.

---

Trí neiṫe a ċionn gaċ aoinne.
Bó ḃán, tig ar árd nó bean bréaġ.

© Roinn Bhéaloideas Éireann / Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

Máire P. Ní Ċróinín  Mí Fóġmair 8adh 1938.

Amhrán.– Carraig na g-Caol-fear n-Groidhe.

Mo slán cum Carraig na g-Caol-fear n-Groidhe
mar a caiteas trí tearma maois.
gan gabaḋ gan easbaḋ sa t-saoġal seo
acht ag magaḋ is ag scléip leó ann
Do ġeóḃfaḋ Aifreann Dé ann is teagasg
ann bréiṫriḃ Ċríost.
Is gan fáil ár sagairt le naomḋacht
is ann fuair réim sa tír.

II

Do ġeoḃfáiḋe silín ag fás ann, pluim
is airne is úbhall
fuinnseóg daraiḋe is caortann ní

...of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

4) baile breágh álainn líobhann,
Aoibhinn, uaigne, is muaidh-báid ann do
snáimhfadh ar bárr na dtuinn,
Crághan ag scoladh fé bhlái ann is a
dtoradh le fágail sa ndáinír.

III

Do
feóbhraí ~~aiteann~~ gasrach féil-fhear calma
cróga groidhe,
Ba ró bhreágh an mais iad, tá aonaig
ag bagaint is ag faobhac is a cóil.
An lár an mhacaire tradhfa measaim
nú straonghadhais
Is an bárr do bheunann le céile do
Carraig-na-g-Caolfhear-n-groidhe.

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

42 Dá scóḃtaí bacaċ ḟan tír ann sean-
duine críonna dróil,
ṁaigistir scoile nú rinnce nó ṡiolaire
ṡeinnfeaḋ ceól,
Ḃeaḋ gárda 'n ccúblaim na dtimċeall do
ḋíolfaḋ gan moill a scór.
Is go bráċ na cuirfear 'n g-Cill me
ċun go gcasfar mé arís na treó.

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

43

Máire Ní Ċróinín D. Fóġmair 18adh 1938.

Amarán. I

A ċara mo ċléib 'sa Ṡeamuis ġreannmair ġrádaiġ,
D'fuil ġearabtaiġ ġréaġaiġ, éaċtaiġ, airm nirt áiġ,
Maide glan réiḋ i ngléas, bíoḋ agat dom ráin.
Is mar barra ar an scléip cuir léi go greannta bacán.

II

M'arm i ngléas tar éis go greannta ó tá,
Is ó tosaċ mo ṡaoġail i léiġeann mo

© Roinn Bhéaloideas Éireann
Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

mo ṫarfsa nár báigeaḋ,
Ní ~~scarḋaḋ~~ go dtéiḋeaḋ im réim don
ġaileam le mo ráin,
Mara ġeóbaḋ ~~ġeob~~faḋ gaċ lae mo raol is
breicfeast mar ṗáiġ.

III

I gcaiṫeam an lae ma's tréiġ ~~n~~ó tuirseaċ
mo ċnáma,
Is go n-abrann an maor naċ éaċtaċ
m-acfuinn ar ráin
Labarfaḋ féin go séim ar eaċtra an báis
No ar ċaṫaib na gréige is trae ḋráġ
flaiċa go ṫbáiċ.

IIII

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

Ar Ṡamson an laoċaiḃ déanfaḋ labairt i dtráġ

Is ar Alastrom tréan ba ċraos ċun seasaim le namaid.

Ar ċeanas na Ċéasar éactaċ airm-nirt áird,

Nó ar Aicill an laoċ dfáġ céadta marḃ sa ṗáirc.

V

Ar ċoirceann Ṁic tréin sa ḃ'féinn ċun easbuiḋ is áir,

Is ar imteaċtaiḃ Dairdre, i scéim is i bpreaṡainn ruġ bárr

le blaḋaraċt claon na ḋéiḋ sin

Roinn Bhéaloideas Éireann
Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

canfad do dan,
Sin agat a Ṡeamuis fé mar a ċaiṫfeadsi
an lá.

VI

Iar i gcaiṫeam an lae dá réir sin
geóbad mo ṗáiġ,
Is i m-brollaċ mo léine déanfad í
ċeangal le cnáib,
Don baile ar mo ṫeaċt beaḋ [beiḋ] mé ar
meanma árd,
Is ní scaipfead i naon cor raol go
dtagad do dáil.

VII

Mar is fear tú mar do ċéas an

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

47 seana-ċart lá

Raċam araon ḟé scléip go tabáirne an sráid

Is rabarnaċ glaoḋfam ól is dramna ar clár

Is taisce ní déanfaḋ féin daon leaṫ-pingin dom ṗáig

Ceardú

scaipfead, beiḋ, Áinrán, sraofad, nó, geóḃfad,

© Roinn Bhéaloideas Éireann / Department of Irish Folklore An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath 4 Éire / Ireland.

Máire Ní Ċróinín Samain 2ad 1938.

Sgéal.

Nuair a ċuaiḋ an Maiġdean Muire agus Naoṁ Iosep go Beitlem bí sé deaċair orṫa lóisdín d'ḟáġail mar bí ~~an~~ uile áit tógaiḋe suas ag na strainnséiriḃ eile.

Fé ḋuine ċuadar isteaċ i dtiġ i na raiḃ fear agus bean ann agus d'iarradar beit istiġ go maidin.

Bí an bean sásta an ċead sin sin a ṫaḃairt dóiḃ, mar bí sí deaġ-ċroiḋeaċ aċt ba ḋuine doiċealleaċ an fear agus ċuir sé ón ndorus iad.

Ba ġearr a ḃíodar imiġṫe nuair

...partment of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

49

a ḃuail pian é, agus annsan ṫáinig
caiṫiú air gur ḋíbir sé an ḃeirt a iarr
an lóistín air. Cuir sé a ḃean amaċ
ar a lorg á rád léi gan filleaḋ
ċoiḋċe go ḃfuigeaḋ sí amaċ iad.

Cuardaig sí síos is suas agus fé
ḋeire cá ḃfoċfaḋ sí suas leó aċt istiġ
i sgioból bó. San am ceadna ḃí ár
Slánuiġṫeóir beirṫe agus É leagṫa i
mainséar a ḃí ann.

Ḋinis an ḃean boċt
mar ḋeiriġ dón ḟear ó sgaradar
leis agus an cúis ar ċuireaḋ í féin
amaċ ar a lorg le na dtabairt ar

© Roinn Bhéaloideas Éireann
Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire Ireland.

ag ċur an ṫíġe. Nuair a ḃí sí
críoċnuiġṫe le na ṫeaċtairí labair an
Mairġréad ġlórmar agus dubairt sí.

"Bean mín ag fear borb
Agus Mac Dé na luiġe ar Colg."

Annsan ṫug sí lám ṫuiġe as an
mainséar don ínnsoí ag dubairt leis
é ċimilt dén ḟear san áit a raiḃ an
pian air, agus go dtiocfaiḋ biseac air.
~~Ḋin~~ sí mar a dubairt sí léi agus ṫáinig
feabas ar an ḃfear.

Sean-ḟocal

Nuair a bíonn an cat amuig bíonn na
luċaig ag rinnce.

An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

51

An té ná bíonn láidir ní foláir do bheiṫ glic.

Níor ḃris focal maiṫ fiacal riam.

Ceartú

~~Beirṫe~~ Beirṫeann, an, ċrovóeaċ, ~~dennis~~ dinnis. dtabairt, dein.

52 Máire Ní Ċrónín. Samain 15adh 1938.

## Sgéal.

D'fiafruig sagart de buaċaill uair a raib aon ṗaidir aige. Dubairt an buaċaill ná raib. Annsan do ṁúin an sagart an paidir seo do:- "A Uain Dé, a ṫógann peacaí an domain, déin trócaire orainn,"

I gcionn bliadna d'fiafruig an sagart den buaċaill a raib an paidir aige. Dubairt an buaċaill go raib agus dubairt sé mar seo. "Caora Dé a ṫógann peacaí an domain déin trócaire orainn."

"Ní hé sin é in aon ċor," arsan sagart, "Aċ a Uain Dé a ṫógann peacaí

Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire Ireland.

an domain déin trócaire orainn.

"Aċt, a sċair, tá sé in na Caora anois," arsan buaċaill ġá ḟreaġraḋ.

## Sean-ḟocail.

Taréis a tuiġtear gaċ beart.

"Ag réiḋteaċ ċuiġe bíos," mar a dubairt Taḋg na Spréaċ leis an ḃfiacal.

Táinig sé aniar aduaiḋ ~~ar~~ mar a táinig Taḋg na cuaiċe ar Corcaiġ.

Ceartú

aniar, air, domain,

© Roinn Bhéaloideas Éireann / Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

54 Máire Ní Ċróinín. Samain 22[ad] 1938.

Scéal.

Ḃí Eoġain Ruaḋ ag dul go stáisiún lá. Casaḋ sagart air a ḃí ag dul ann leis.

Ḃí abha ar an slíġe rómpa agus ċuir Eoġain an sagart ar a ḋrom agus ḃí ġá ḃreiṫ anonn.

“Anois” arsa an sagart. “Ḃe~~ḋ~~ósa ana ḃruideamail ag éisteaċt faoisdine ag an stáisiún agus tá sé ċóm maiṫ agatsa do ~~pe~~ peacaí innsint dom anois”

Ḃí a lán droċ-ġníomarṫa déanta ag Eoġain agus dubairt an sagart.

“Tá an diabal tiar ort.”

© Roinn Bhéaloideas Éireann / Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

"Má tá, is geárr a beiḋ," arsa Eoġain, ag ċaiṫeam* an tsagart dá ḋrom isteaċ san abainn.

Ceartú.

tsagairt, tsagairt,
beiḋ-sa, beiḋ-sa,

© Roinn Bhéaloideas Éireann / Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

Máire Ní Ċróinín. Saṁain 29aḋ 1938.

Sgéal,

Ḃí fear ann uair gurb' ainm do Sciúrdín agus ḃí madra aige. Ḃíoḋ an madra ag dul ċun an Aifrinn lena ċois gaċ Domnaċ.

Lá do ċonnaic an sagart an gaḋairín ag gearra an t-séipéal. Níor ḋein sé pioc aċ breiṫ ar cosa deiriḋ air agus a ċeann a ḃualaḋ i gcoinniḃ an ḟalla agus é ṁarḃuġaḋ.

Ḃí Eoġain Ruaḋ láiṫreaċ agus duḃairt sé.

"A ġaḋairín na gcaraḋ is danaid do ċúrsaí
Ag dul ċun an Aifrinn ar maidin le
h-úṁlaiḋeaċt
Do ċeann le falla go daingean gur dlúṫuiġeaḋ

© Roinn Bhéaloideas Éireann
Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

57

As ní bás gan sagart a fuair do madra, a Scúirdín!"

Cearcú

Diúcuigeadh.
Diúcuigeadh.
Diúcuigeadh.

© Roinn Bhéaloideas Éireann
Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

58

Máire Ní Ċróinín Mí na Nodlag 15adh 1938.

Sgéal:-

Ḃí naoṁ i Sasana fadó sara raiḃ an creideaṁ Sasana ann. Nuair a cailleaḋ é ḃí a (~~máthair~~) muinntir ċun é ċur ḃreiṫ leó abaile ċun é ċur. Ḃí an lá ċom fliuċ ná féadfaidís é ḃreiṫ leó abaile. Do lean clagar go raiḃ sé ansan ar feaḋ daċaḋ lá. Do ṫiormuiġ an aimsir ansan agus rugadar leó é.

Sin é Naoṁ Siḃítín agus tá sé againn riaṁ ó ṡoin. Tosnuiġeann sé ar an seaċtṁaḋ lá déag de mí Iúil. Bíonn cúig lá déag de sa t-Saṁraḋ agus cúig lá ficeaḋ sa ~~bḟóġṁar~~

Má tosnuiġeann sé fliuċ is gnáṫ leis

© Roinn Bhéaloideas Éireann
Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

59

críoċnúġaḋ breac-ḟliuċ sé / má tosnuiġeann sé
tirim leanann sé tirim.

© Roinn Bhéaloideas Éireann
Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

60

Máire Ní Ċróinín. 9adh 1938 Mí na Nodlag.

Deaċrú.

Ṫáiniġ Diarmuid liaṫ 'ġá ḟeuċaint.

"Cad é sin ḟaid aimsire atá ó buaileaḋ breóiḋte mé, a Diarmuid?" ar seisean le Diarmuid.

"Nílim ró ċruinn air."

"Ní mar sin dóṁ-sa san," arsa Diarmuid, "táim cruinn go maiṫ air agus ní h-ionġna dom san."

© Roinn Bhéaloideas Éireann / Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.

61)

Máire Ní Ċróinín Samain 25ad 1938.

Deacṫú.

"Siné ball, díreaċ; nár millis-se muise glan," arsan, fear Duḃ. Ḃí an ḟíor-riaċtanas ar dtús ort agus níor ḋéin sé aimleas duit. Ḋéinis an ḋéirc nuair ná raiḃ agat aċ na trí sgillinge. Nuair a ċonac san ḃí a ḟios agam ná deanaċ an riaċtanas ba ḟéire son aimleas duit."

Ceartú.

Déanfaḋ, Déanfaḋ,

Déirc, Déirc,

© Roinn Bhéaloideas Éireann
Department of Irish Folklore
An Coláiste Ollscoile
Baile Átha Cliath 4
Éire / Ireland.